

Tograí Oidhreachta i gCathair na Gaillimhe



Eochairfhocail: ciste, comhairleoirí, Gaillimh, maoiniú, comhlacht

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cathain a bunaíodh an ciste 1,000,000 Euro seo?
2. Ainmnigh dream amháin nach raibh sásta leis an gcaoi ar eagraíodh Gaillimh 2020?
3. Cén dream daoine a raibh stiúrthóirí Chomhlacht Chultúr na Gaillimhe os a gcomhair inniu?
4. Cén post a luaitear le David Leahy sa mhír nuachta?
5. Conas a thugann an Comhairleoir Frank Fahy le fios go gceapann sé nach raibh aon tionchar fadtéarmach ag Gaillimh 2020 ar chathair na Gaillimhe.?
6. Cén saghas comhlachta a cheaptar a bheidh i gComhlacht Chultúr na Gaillimhe as seo amach?
7. Cad as a bhfuil maoiniú mór ar fáil do ghnóthaí cultúir agus Eorpacha?
8. Cén chanúint atá ag an tuairisceoir sa mhír nuachta seo, Maolra Mac Donnchadha? Tabhair dhá phíosa eolais a thacaíonn le d'fhreagra.



Tograí Oidhreachta i gCathair na Gaillimhe



Eochairfhocail: ciste, comhairleoirí, Gaillimh, maoiniú, comhlacht

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

	F	B
Tá milliún Euro caite ag Comhlacht Chultúr na Gaillimhe ar thograí oidhreachta		
Bunaíodh an ciste seo trí bliana roimh Gaillimh 2020		
Bhí cathair na Gaillimhe ina cathair chultúrtha na hEorpa sa bhliain 2020		
Bhí gach duine i nGaillimh thar a bheith sásta leis an gcaoi ar eagraíodh Gaillimh 2020		
Bhí ciste de mhilliún Euro fágtha le caitheamh tar éis Gaillimh 2020		
Bhí triúr de stiúrthóirí Chomhlacht Chultúr na Gaillimhe á gceistiú ag comhairleoirí tofa na cathrach inniu		
Caitheadh aon trian den mhilliún Euro ar thograí ealaíne		
Ceapann a lán comhairleoirí nár caitheadh an milliún Euro sin go stuama		

Tograí Oidhreachta i gCathair na Gaillimhe



Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh gur duine de na comhairleoirí sin tú a cheistigh stiúrthóirí Chomhlacht Chultúr na Gaillimhe. Scríobh ríomhphost samhailteach chucu ag léiriú do mhíshástachta faoin gcaoi ar caitheadh airgead an chiste. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

Táim go láidir den tuairim...	Cur amú airgid
Easpa fianaise	Lorg buan
Airgead an cháiníocóra atá i gceist	Níl sé sásúil
Bheinn buíoch dá bhfreagrófa na ceisteanna seo a leanas	Le gach dea-ghuí,



Tograí Oidhreachta i gCathair na Gaillimhe



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Trí bliana ó shin.
2. Ealaíontóirí, pobal na Gaeilge nó muintir na Gaillimhe i gcoitinne.
3. Comhairleoirí tofa na cathrach.
4. Ceannasaí Bhord Oiliúna agus Oideachais na Gaillimhe.
5. Dá gcuirfeá ceist ar dhuine ar bith ar Shráid na Siopaí inniu faoi Gaillimh 2020 ní bheadh tuairim acu gurbh ann don Fhéile 6 bliana ó shin.
6. Comhlacht stocaireachta
7. Cistí éagsúla Eorpacha.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach:

	F	B
Tá milliún Euro caite ag Comhlacht Chultúr na Gaillimhe ar thograí oidhreachta	F	
Bunaíodh an ciste seo trí bliana roimh Gaillimh 2020		B
Bhí cathair na Gaillimhe ina cathair chultúrtha na hEorpa sa bhliain 2020	F	
Bhí gach duine i nGaillimh thar a bheith sásta leis an gcaoi ar eagraíodh Gaillimh 2020		B
Bhí ciste de mhilliún Euro fágtha le caitheamh tar éis Gaillimh 2020	F	
Bhí triúr de stiúrthóirí Chomhlacht Chultúr na Gaillimhe á gceistiú ag comhairleoirí tofa na cathrach inniu		B
Caitheadh aon trian den mhilliún Euro ar thograí ealaíne		B
Ceapann a lán comhairleoirí nár caitheadh an milliún Euro sin go stuama	F	